


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Oifig an Leas-Uachtaráin um Straitéis agus Teagmháil Sheachtrach |
| **Scoil \| Aonad:** | Oifig Margaíochta agus Cumarsáide UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** *(más ábhartha)***:** | Oifigeach Dearaidh - Margaíocht agus Cumarsáid |
| **Tréimhse an Phoist:** | Conradh Seasta, 5 Bliana |
| **Grád:** | Oifigeach Riaracháin I |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:** | Cumarsáid agus Margaíocht – Leibhéal Gairme 4 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2025-09-065 |
| **Bainisteoir Líne:** | Ceann Margaíochta nó a (h)ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 019176 |
| **Riarthóir AD:** | Arianna Eady |

## Achoimre ar an bPost:

Tá Oifig Margaíochta agus Cumarsáide UCD comhdhéanta de fhoireann lárnach atá dírithe ar bhranda agus dea-cháil UCD a thógáil agus rannpháirtíocht sheachtrach a fheabhsú trí raon leathan bealaí agus foirmeacha teagmhála. Tá 13 duine ar an bhfoireann a bhfuil róil acu, lena n-áirítear Cumarsáid, Caidreamh leis na Meáin Sheachtracha, na Meáin Shóisialta, agus pobal a thógáil. Déanann an fhoireann margaíochta laistigh den aonad seo gníomhaíochtaí tábhachtacha, lena n-áirítear: feachtais mhargaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta do mhic léinn, feachtais chun saineolas acadúil UCD a chur chun cinn, margaíocht ghréasáin agus dhigiteach, margaíocht CRM, cur in iúl teachtaireachtaí branda agus bainistíocht aitheantais amhairc.

Faoi láthair, tá foireann Margaíochta UCD ag obair i dtreo cur chuige comhtháite agus aontaithe a sheachadadh maidir le haschuir mhargaíochta agus chumarsáide amhairc agus scríofa bhranda lárnach UCD agus conas a chuirfear seo i bhfeidhm i ngach Coláiste, Scoil agus Aonad ar fud na hollscoile, ag obair leis an mbranda agus an lógó atá ann cheana féin. Ag iad ag tuairisciú don Cheann Margaíochta nó a hainmní, beidh an ceapaí freagrach as tacú leis an bhfoireann margaíochta chun branda UCD a chur in iúl go soiléir, go comhsheasmhach agus le tionchar amhairc láidir mealltach ar fud raon leathan réiteach cruthaitheach, ag cinntiú go gcomhlíonann na haschuir go léir caighdeáin institiúideacha maidir le cáilíocht, inrochtaineacht agus ailíniú branda. Chomh maith leis sin, deanfaidh an ceapaí comhairle a thabhairt/maoirseacht a dhéanamh ar dhearthaí déanta ag agus déanta ar son chomhghleacaithe UCD i gcoláistí, i scoileanna agus in aonaid.

**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:**

- Coincheapa amhairc a fhorbairt i gcomhréir le treoirlínte branda nua UCD do raon leathan ábhar a bhaineann leis an ollscoil (mar sh. sócmhainní digiteacha, ábhair chlóite, brandáil, suíomhanna gréasáin, grafaicí do na meáin shóisialta, cur i láthair, grafaicí eolais, brandáil imeachtaí, fógraí digiteacha, beochana simplí, srl.).

- Dearthaí comhsheasmhacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh, ag baint úsáide as meáin thraidisiúnta agus bogearraí sofaisticiúla.
- Comhoibrigh le comhghleacaithe san fhoireann lárnach margaíochta agus cumarsáide lena chinntiú go bhfuil dearaí nua ag cloí le treoirlínte nua branda de réir na gcaighdeán is airde, lena n-áirítear treoirlínte inrochtaineachta i gcomhréir le ceanglais an Achta Eorpaigh um Inrochtaineacht (EAA) maidir le hábhar digiteach.
- Comhoibrigh le gníomhaireacht chruthaitheach cheaptha UCD ó am go ham agus/nó dearthóirí tríú páirtí chun a chinntiú go seachadtar aschuir de réir na gcaighdeán is airde.
- Caidrimh a fhorbairt le comhghleacaithe cumarsáide agus margaíochta UCD i gColáistí, i Scoileanna agus in Aonaid chun tuiscint a neartú ar a riachtanais maidir le treoirlínte branda nua a chur i bhfeidhm, abhaineann lena riachtanais dearaidh féin agus maoirseacht a dhéanamh lena chinntiú go gcloíonn dearaí a tháirgeann nó a choimisiúnaíonn na geallsealbhóirí seo leis na treoirlínte branda nua de réir na gcaighdeán is airde.
- Cuidiú le nuashonruithe ar threoirlínte an bhranda i gcomhréir le riachtanais atá ag teacht chun cinn.
- Bainistíocht a dhéanamh ar chúpla thionscadal ag an am céanna, ag cinntiú go gcomhlíontar spriocdhátaí agus buiséid.
- Coinnigh comhaid agus cartlanna dearaidh de réir chaighdeáin eagraíochtúla.
- Cuidiú le cruthú, coimeád agus bainistíocht leanúnach córais bainistíochta sócmhainní digiteacha (DAM) don ghrianghrafadóireachta, teimpléid dearaidh agus sócmhainní eile; seachadadh oiliúna/tacaíochta d'úsáideoirí eile an DAM.
- Fanacht cothrom le dáta maidir le treochtaí dearaidh agus dea-chleachtais a bhaineann leis an ardoideachas.
- Maoirseacht ar ghníomhaíochtaí chun a chinntiú go gcloítear go docht le rialacháin UCD, DPC agus GDPR an AE.

**Freagrachtaí Eile:**

- Oibrigh mar chuid den fhoireann margaíochta lárnach, ag glacadh freagrachta comhroinnte as tascanna agus gníomhaíochtaí éagsúla foirne.
- Tascanna tionscadail agus tascanna eile de réir mar is gá a dhénamh
- An ról a chomhlíonadh ar bhealach a thacaíonn le Luachanna UCD - Comhghleacaíocht, Cruthaitheacht, Éagsúlacht, Rannpháirtíocht, Sármhaitheas agus Ionracas.
- Féadfar aon dualgais eile a shannadh ó am go ham i gcomhréir le riachtanais na hOifige Margaíochta agus Cumarsáide.

## Sainiúil don phost áirithe seo:

- Obair ó am go ham lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige agus taisteal thar lear, nuair is gá.
- Dualgais ábhartha eile agus tionscadail speisialta de réir mar sannann an bainisteoir iad.

## Tuarastal: €52,815 - €71,492

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais. Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/ Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

**Critéir Roghnúcháin**

Tá Creatlach Cnuasach Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post na Cumarsáide agus na Margaíochta agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 4. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat um Chnuasaigh Post ar fáil ag

https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

### Taithí agus Cáilíochtaí

- 4–5 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair i ról dearaidh le haghaidh margaíochta agus cumarsáide in eagraíocht mhór, in institiúid tríú leibhéal, nó i suíomh gníomhaireachta.
- Céim ábhartha tríú leibhéal i ndearadh grafach, cumarsáid amhairc, nó réimse gaolmhar.
- **Punann**: Tá punann láidir a léiríonn inniúlacht i raon leathan meán agus cineálacha dearaidh riachtanach.
- **Scileanna Teicniúla**: taithí léirithe ar úsáid uirlisí dearaidh lárnacha ar nós Photoshop, Illustrator, InDesign, Canva agus Adobe After Effects.
- **Eolas Dearaidh**: Tuiscint ar bhrandáil, leagan amach, clóghrafaíocht, teoiric dathanna, agus scéalaíocht amhairc.
- **Dearadh Gréasáin**: Saineolas ar cna ceanglais bainteach dearadh gréasáin/dhigitigh, formáidí léiriúcháin, agus sonraíochta
- **Caighdeáin inrochtaineachta**: Eolas ar chur i bhfeidhm de réir cheanglais an Achta Eorpaigh um Inrochtaineacht (EAA) maidir le hábhar digiteach
- Feasacht ar chóipcheart, ceadúnú, agus cosaint sonraí mar a bhaineann siad le húsáid íomhánna agus dearaidh i gcomhthéacs ollscoile.
- **Taithí Tionscadail**: Taithí ar ilthionscadal a láimhseáil,ar chomhoibriú i bhfoirne ildisciplíneacha, agus bheith ag obair le treoirlínte branda.

### Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Margaíocht**: Eolas fairsing ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais mhargaíochta chun lucht féachana spriocdhírithe a bhaint amach agus tionchar a imirt orthu.
- **Cumarsáid**: Eolas ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais chumarsáide chun lucht féachana spriocdhírithe a aithint agus a bhaint amach trí mheáin scríofa, labhartha agus amhairc ar fud na bpríomhchainéil atá faoi úinéireacht na cuideachta.
- **Earcaíocht Mac Léinn**: Eolas suntasach ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais chumarsáide chun lucht féachana spriocdhírithe a aithint agus a bhaint amach trí na meáin scríofa, labhartha agus amhairc.

### Príomhinniúlachtaí

- **Cumarsáid Éifeachtach**: Cumas den scoth cumarsáid scríofa agus ó bhéal a dhéanamh atá soiléir, neamh-dhébhríoch, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, chun faisnéis agus smaointe a chur in iúl agus a roinnt le daoine eile, chun éisteacht go cúramach, chun tuiscint a shoiléiriú agus chun dearcthaí éagsúla a bhreithniú.

- **Pleanáil agus Eagrú:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach

- **Feasacht Eagraíochta:** Tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin

- **Athrú a Bhainistiú:** An cumas tabhairt faoi chur chuige dearfach chun dul i ngleic leis an obair chomh maith le hathruithe a ghlacadh agus aiseolas a bhaineann le feidhmíocht a lorg agus déileáil leis go

cuiditheach.

- **Caidrimh a Chothú:** Cumas láidir caidrimh oibre éifeachtach a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- **Bainistíocht Tionscadail:** Cumas maith chun a chinntiú go sainmhínítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insoláthartha, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina leith.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht:** Cumas ar leith riachtanais na gcustaiméirí a thuiscint agus a réamh-mheas, agus gníomhú chun táirge agus seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar a fhreastalaíonn ar ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir

**Critéir riachtanach mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD**

- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a léiriú

Inmhianaithe:

- Taithí mhaith ar Adobe Creative Suite, Figma, Powerpoint agus feidhmchláir IS a láimsheáil.
- Punann oibre a léiríonn obair a bhaineann le riachtanais na hollscoile (mar sh. ábhar nó feachtais atá dírithe ar fhoireann na hollscoile, ar lucht féachana idirnáisiúnta, ar mhic léinn, nó ar lucht taighde.)
- Taithí ar bhainistiú Canto nó uirlis chomhchosúil um Bainistíocht Sócmhainní Digiteacha.
- Taithí ar chomhoibriú le gníomhaireachtaí cruthaitheacha nó dearthóirí seachtracha.
- Taithí ar bhainistiú sreafaí oibre agus comhoibriú foirne ag baint úsáide as Asana nó uirlis chomhchosúil um chomhoibriú foirne.
- Cáilíocht iarchéime.

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD go dtí 2030<br>Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| Coláiste / Aonad Bainistíochta | https://www.ucd.ie/universityrelations/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Lisa Flannery |
| Teideal: | Ceann Margaíochta |
| Seoladh ríomhphoist: | lisa.flannery@ucd.ie |
| Fón: | 0872975241 |